

GAIRM AR THOGRAÍ : Feabhra 2020

Baile Seirbhíse Gaeltachta – Plean Gaeilge a ullmhú do Bhaile Caisleán an Bharraigh

Eolas Tábhachtach

An t-Oifigeach atá ag plé leis an nGairm ar Thograí :

Niamh De Búrca, Príomhfheidhmeannach, Gnó Mhaigh Eo

T: 087 3917172

R: niamh@gnomhaigheo.ie

Tugann Coiste Stiúrtha Bhaile Seirbhíse Chaisleán an Bharraigh (a thabharfar CSBSGCAB as seo amach air) cuireadh do pháirtithe leasmhara Togra a chur faoina mbráid chun Plean Gaeilge a ullmhú do Bhaile Caisleán an Bharraigh de réir forálacha Alt 9 d'Acht na Gaeltachta 2012.

Déanfar an Togra a mheas de réir na gcritéar Meastóireachta agus Dámhachtana a luaitear laistigh de shonraíocht an dhoiciméid seo. Diúltófar d'iarratais neamh-iomlána.

Eochairdhátaí

Seo a leanas an t-amlíne gníomhaíochtaí atá beartaithe maidir leis an bpróiseas 'Gairm ar Thograí':

Imeacht	Dáta
Dáta eisiúna do 'Gairm ar Thograí'	27 Feabhra 2020
An dáta is déanaí a ghlacfar le hiarratais ar eolas nó ar shoiléiriú	25 Márta 2020
Dáta deiridh a nglacfar le Tograí	31 Márta 2020
An dáta a mbeartaítear an Conradh a bhronnadh	14 Aibreán 2020
An dáta a bhfuil sé beartaithe an Plean Gaeilge do Bhaile Caisleán an Bharraigh a chur ar fáil	Mí na Nollag 2020

Nóta: Cé go léiríonn na dátaí thuas cuspóirí ag an am seo, d'fhéadfadh athrú teacht orthu.

Buiséad

Is é an buiséad táscach don Phlean Gaeilge ná €17,000 (CBL san áireamh).

1. An Plean Gaeilge: Cúlra

Is coiste grúpa stiúrtha é atá freagrach as tacaíocht, treoir agus maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn CSBSGCAB agus ar sheachadadh Plean Cuimsitheach Gaeilge do Bhaile Caisleán an Bharraigh.

Cuirfidh an Plean Gaeilge struchtúr éifeachtach agus bonn acmhainne ar fáil do phleanáil inbhuanaithe Gaeilge i mbaile Caisleán an Bharraigh don tréimhse 2021-2028.

2. An Cuspóir

Is é cuspóir Phlean Gaeilge Chaisleán an Bharraigh, de réir pholasaí an Rialtais, cur le húsáid agus eolas cumarsáide na Gaeilge mar theanga pobail i mBaile Caisleán an Bharraigh ar bhonn incriminteach.

Go sonrach, is é cuspóir an Phlean seo ná tionscadail éagsúla a leagan amach atá praiticiúil, éifeachtach ó thaobh costais de, agus gur féidir a bhaint amach laistigh de thréimhse ar leith – tionscadail a mbeidh de thoradh orthu go ndéanfar úsáid na Gaeilge mar ghnáththeanga laethúil a chur chun cinn, a chothú agus a mhéadú.

3. An Tasc

Bainfear úsáid as na critéir pleanála teanga atá leagtha síos in Acht na Gaeltachta 2012 agus de réir na dTreoirínte Pleanála Teanga atá foilsithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta mar phointe tagartha don phróiseas, mar is cuí:

<http://www.chg.gov.ie/app/uploads/2016/06/treoirinte-pleanala-teanga-eagran-3.pdf>

Cuimseoidh an Plean Gaeilge dhá chéim:

Cuimseoidh **Céim a hAon** athbhreithniú ar thaighde ábhartha, cáipéisí polasaithe, riachtanais reachtaíochta, dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta agus agallaimh scóipe le páirtithe leasmhara atá aitheanta idir an Comhairleoir agus CSBSGCAB agus a chuirfidh tuairisc Chéim a hAon ar fáil ina n-áireofar *inter alia* na nithe seo a leanas:

- Achoimre ar thábhacht stairiúil agus chultúrtha na Gaeilge do bhaile Caisleán an Bharraigh
- Athbhreithniú ar an bPlean Teanga agus ar na tionscnaimh pleanála teanga atá ag feidhmiú faoi láthair i nGaeltachtaí Thuar Mhic Éadaigh, Acaill agus Contae Mhaigh Eo trí chéile agus ar a n-éifeacht agus ar an gceangal atá acu le príomhstraitéisí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le Caisleán an Bharraigh
- Achoimre ar na freagrachtaí agus ar na dualgais reachtúla atá ar na páirtithe leasmhara sa phróiseas faoi mar atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta, 2012
- Achoimre ar na príomhchuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a chaithfear dul i ngleic leo i bPlean Teanga Bhaile Chaisleán an Bharraigh.
- Liosta de na páirtithe ábhartha agus leasmhara a gcaithfear dul i gcomhairle leo i gCéim a Dó d'fhorbairt an Phlean Teanga i gcomhthéacs a gcuid rannpháirtíochta i gcur i bhfeidhm an Phlean.

Cuimseoidh **Céim a Dó** gníomhartha comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara agus ábhartha atá aitheanta i gCéim a hAon. Ba chóir go mbeadh Plean Gaeilge Bhaile Chaisleán an Bharraigh mar thoradh ar anailís agus léirmhíniú na dtorthaí ón taighde i gCéim a hAon agus i gCéim a Dó agus ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas sa tuarascáil deireadh:

- Na cuspóirí straitéiseacha agus na gníomhaíochtaí oibríochtúla ar chóir tabhairt fúthu faoin bplean
- Na critéir agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá le n-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rathúil an phlean
- An réimse tionscnamh a bhfuiltear le tabhairt fúthu agus atá indéanta, praiticiúil agus éifeachtach ó thaobh costais de, laistigh de scála sonraithe ama chun an teanga a chur chun cinn, tacú léi agus úsáid na Gaeilge a mhéadú i saol laethúil an bhaile. Ba chóir go mbeadh an phríomheagraíocht atá freagrach as gach tionscnamh aitheanta laistigh den phlean.
- Na príomhdhúshláin atá le sárú, na deiseanna atá le huasmhéadú agus na fachtóirí rathúla ríthábhachtacha do chur i bhfeidhm rathúil an Phlean Gaeilge do Bhaile Chaisleán an Bharraigh a aithint
- An buiséad táscach a theastóidh chun tionscnaimh aonair a chur i bhfeidhm ar fud an bhaile ag soláthraithe seirbhíse aonair agus deiseanna/foinsí cearta maoinithe a shainaithint agus a mhiondealú
- Na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní daonna atá ag teastáil chun an Plean Gaeilge a chur i bhfeidhm ina iomláine agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a éifeacht.

4. An Buiséad

Beidh an tuarascáil deiridh (an tuarascáil iomlán agus an achoimre fheidhmeach) faoi réir cheadú CSBSGCAB. Is é €17,000 an táille iomlán atá luaite, táillí aistriúcháin san áireamh). Tá na costais eile go léir san áireamh sa táille sin mar aon leis na haschuir sonraithe, taisteal agus iostas agus costas ar bith eile a bhaineann leis an tasc chomh maith le CBL. Ba chóir an táille luaite a úsáid d'ullmhúchán Plean Gaeilge do Bhaile Chaisleán an Bharraigh amháin, dá réir sin iarrtar nach mbeadh aon sciar den táille á úsáid ar mhaithe le forchostas.

5. Togra a chur isteach

Ba chóir go mbeadh doiciméad sa togra ag tabhairt le tuiscint cén chaoi a dhéanfar agus a chríochnófar an tasc mar aon leis an eolas seo a leanas:

- Ráiteas tosaigh a léiríonn tuiscint ar obair an tionscadail agus a chruthaíonn go bhfuil ar chumas an iarrthóra na seirbhísí atá ag teastáil a chur ar fáil

- Plean oibre mionsonraithe ag tabhairt cuntas ar an modheolaíocht agus ar an sceideal ama a bheidh ag teastáil chun Céim a hAon agus Céim a Dó den tionscadal a thabhairt chun críche.
- An táille iomlán atá ag teastáil, le briseadh síos ar na costais go léir, sé sin táillí gairmiúla, taisteal agus iostas agus gach costas eile a bhaineann leis an tasc agus CBL.

6. Critéir Mheastóireachta

Tá dhá chéim i gceist leis an bpróiseas seo, measúnú incháilithe agus measúnú cáilíochtúil.

Céim 1 | Measúnú Incháilithe

Ní mór d'iarrthóirí na ceistanna go léir sna critéir incháilithe a fhreagairt. Gheofar **Pas** nó **Teip** i ngach ceann. Ní chuirfear san áireamh aon iarrthóirí ar theip orthu in aon chuid de na critéir seo a leanas:

Critéir Incháilithe	Pas / Teip
Próifíl an iarrthóra (sonraí teagmhála iomlána gach duine curtha ar fáil).	
Cuntas ar an modheolaíocht agus ar an gcur chuige a bheidh curtha i bhfeidhm agus iad ag tabhairt faoin obair. Is gá go mbeidh dóthain fianaise léirithe ag an iarrthóir chun tacú lena n-iarratas, lena n-áirítear CVanna na foirne.	
Tá sé léirithe ag an iarrthóir go bhfuil an cumas aici / aige an tasc a chríochnú laistigh den tréimhse a bhfuiltear ag súil leis i.e Mí na Nollag 2020 – sé sin clár ama réalaíoch, fíricbhunaithe a bheith curtha ar fáil.	
Ní mór go mbeadh clúdach cuí árachais ag an soláthróir.	

Céim 2 | Measúnú Cáilíochtúil

Beidh an t-iarratasóir rathúil ag obair faoi stiúir CSBSGCAB le go leagfar amach na nithe is tábhachtaí a bheidh de dhíth le pleanáil teanga inbhuanaithe don Ghaeilge a chothú i mBaile Caisleán an Bharraigh.

Déanfar scór as 100% a thabhairt do gach iarratasóir faoi mar atá leagtha amach thíos. Déanfar measúnú de réir caighdeáin modheolaíochta agus chur chuige an iarratasóra i leith na hoibre agus ar an gcostas a bhronnfar an Conradh.

Caighdeán 70% / Praghas 30%

Measúnú Cáilíochtúil	Marc*	Scór
----------------------	-------	------

Eolas / Tuiscint ar an tasc	20	
Modheolaíocht / Cur chuige chun an tasc a thabhairt i gcrích, ar a n-áirítear fiúntas teicniúil na n-acmhainní atá á dtairiscint	40	
Tacaíocht bhreise tar éis na seirbhíse a bheith curtha ar fáil	10	
Costas - Ní foláir an costas iomlán a mhiondealú go soiléir. Ba chóir na praghsanna a chur in iúl in Euro agus iad a bheith glan ar CBL (agus ba chóir an ráta cuí CBL a shonrú chomh maith).	30	
Iomlán	100%	

* Tugtar faoi deara gur gá 60% ar a laghad as 100% a ghnóthú in iomlán agus is gá 50% ar a laghad a scoráil i ngach ceann den cheithre réimse thuasluaite le gur féidir aon iarratasóir a cheapadh.

7. Doiciméid a bheidh ag Teastáil/le Síniú

Tabhair do d'aire: Mura bhfuil siad sonraithe in Aguisín A, níor cheart aon cheann de na nithe seo a leanas a sholáthar, ach amháin tar éis don iarratasóir rathúil an conradh a ghnóthú. Níl na cáipéisí seo de dhíth sa phróiseas iarratais féin.

(a) Deimhniú Imréitigh Cánach

Chun go mbronnfaí an conradh seo ar an gconraitheoir, ní foláir don chonraitheoir Deimhniú Imréitigh Cánach bailí nó Deimhniú C2 bailí a chur ar fáil. Ní foláir don chonraitheoir Deimhniú Imréitigh Cánach reatha a bheith aige/aici ar feadh tréimhse iomlán an chonartha.

(b) Dearbhú maidir le Dea-rún

Beidh ar an iarratasóir Dearbhú maidir le Dea-rún a chomhlánú go sásúil.

(c) Féindearbhú i dtaobh Inniúlachta Airgeadais agus Eacnamaíoch

Beidh ar an iarratasóir Féindearbhú i dtaobh Inniúlachta Airgeadais agus Eacnamaíoch a chomhlánú go sásúil.

8. Rúndacht, Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí (GDPR)

Déanfaidh CSBSGCAB gach iarracht dícheall a dhéanamh aon fhaisnéis a thabharfar sna haighneachtaí a chuirfear faoina bhráid a choinneáil faoi rún, ach sin faoi réir na n-oibleagáidí atá ar an údarás conarthach faoin dlí, ar a n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018. Má tá aon cheist faoi seo, leanfaidh CSBSGCAB na nósanna imeachta dlíthiúla faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 sula dtabharfar freagra ar an iarraidh sin. Caithfear ceanglais na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018 a chomhlíonadh go hiomlán.

9. Coinníollacha Breise a Bhaineann leis an ‘Gairm ar Thograí’

- a) Trí iarratas a chur faoi bhráid CSBSGCAB, comhaontaíonn na hiarratasóirí gur deimhin leo na riachtanais atá le comhlíonadh agus glacann siad leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach san iarratas seo ar Thogra.
- b) Is é/í an t-iarratasóir a sheasfaidh na costais uile a thabhófar agus freagra air/ uirthi cuntas iomlán caiteachais á ullmhú agus á chur faoi bhráid CSBSGCAB.
- c) Is féidir le CSBSGCAB aon iarratasóir nach gcomhlíonann na treoracha atá leagtha síos anseo a eisiamh ó aon phlé nó aon bhreithniú eile.
- d) Tá an ceapachán le bunú ar iomláine agus ar chaighdeán na n-iarratas a thioctfaidh ó na hiarratasóirí mar fhreagra ar an ‘Gairm ar Thograí.’
- e) Beidh de cheart ag CSBSGCAB glacadh le haon fhreagra, nó cuid/codanna d’aon fhreagra, ar an ‘Iarratas ar Thogra’ agus beidh de cheart aige aon fhreagra den sórt sin, nó cuid/codanna de, a dhiúltú; beidh de cheart ag CSBSGCAB freisin éirí as an bpróiseas ‘Iarratas ar Thograí’ tráth ar bith agus dá bhrí sin na freagraí go léir ar na hiarratais a dhiúltú sula ndéanfar aon chonradh a bhronnadh nó sula nglacfar le haon chonradh agus má dhéanann sé é sin, ní bheidh sé faoi dhliteanas ar bith i leith na n-iarratasóirí a ndéanfaidh an éirí as sin difríocht dóibh.
- f) Tá an doiciméad seo agus an fhaisnéis go léir atá á nochtadh i dtaobh CSBSGCAB á dtabhairt do na hiarratasóirí faoi rún. Ní ceadmhach d’iarratasóirí aon chuid den fhaisnéis sin a nochtadh, ná ligean don fhaisnéis sin a bheith nochtta, d’aon duine seachas stiúrthóir nó fostaí de chuid na n-iarratasóirí nó aon fhochoonraitheoir nó tríú páirtí beartaithe atá páirteach in ullmhúchán na dTograí gan cead sainráite ó CSBSGCAB i scríbhinn.
- g) Níl aon dualgas ar CSBSGCAB glacadh le luachan áirithe ar bith ná leis an luachan is ísle.
- h) Coimeádann CSBSGCAB an ceart teagmháil díreach a dhéanamh le hiarratasóir(i) chun aon ghné dá n-iarratas/dá n-iarratais a phlé nó a shoiléiriú.

10. Ceisteanna agus Soiléiriú

Ní foláir ceist ar bith faoin bpróiseas seo a sheoladh ar an ríomhphost chuig niamh@gnomhaigheo.ie. Ní ghlacfar le ceisteanna tar éis **4i.n., Dé Céadaoin, 25 Márta 2019.**

11. Dátaí Deireanacha

Ní mór d'iaratasóirí a dTogra a sheoladh isteach ar an ríomhphost chuig niamh@gnomhaigheo.ie Ba cheart '*Plean Gaeilge do Bhaile Caisleán an Bharraigh thar ceann CSBSCAB*' a bheith marcáilte go soiléir air agus é a sheoladh isteach tráth nach déanaí ná **4i.n., Dé Máirt, 31 Márta 2020.**

Tabhair do d'aire: Is ar an té a chuireann an Togra chuig CSBSGCAB atá an fhreagracht a dheimhniú go mbainfidh an Togra ceann scríbe amach faoin spriocam. Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.

Tá an Plean Gaeilge seo á chomhaoiniú ag Foras na Gaeilge tríd an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Aguisín A: Seicliosta i gcomhair Iarratais

Tá an seicliosta seo ann ar mhaithe le hiarratasóirí; sonraítear ann na sonraí agus an t-eolas ar fad a chaithfear a sholáthar sa togra le go mbeadh an togra bailí.

- 1. Sonraí Gnó**
 - a)** Deimhnigh go sonrúfar ainm teagmhála, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhreacha gutháin.
- 2. An Togra**
 - a)** An togra agus an mhodheolaíocht fhoriomlán.
 - b)** Eolas faoin gCuideachta/faoin bhFoireann (ar a n-áirítear CVanna de réir mar is cuí).
 - c)** Sceideal praghsanna líonta isteach go sonrúch le briseadh síos iomlán (Aguisín B)

Aguisín B: Sceideal Praghsanna

Caithfear an Doiciméad Praghsanna seo a líonadh, a shíniú agus a sheoladh isteach in éineacht leis an Luachan féin

Chuíg: CSBSGCAB. Tá beartaithe agamsa/againne, a bhfuil mo shíniú/ár sínithe anseo thíos, an táille seo a leanas a ghearradh ort: euro €_____ (glan ar CBL)

Cur síos i bhfocail ar an tsuim atá luaite _____ EURO

	Mír	Costas (glan ar CBL)
	Cuirtear san áireamh gach uile chostas, ar a n-áirítear costais ghnó, is gá chun an luachan a chomhlíonadh.	
1.	Déantar miondealú ar gach uile chostas, ar a n-áirítear táillí gairmiúla, taisteal agus cothabháil, agus na costais eile go léir a bhaineann leis na cúraimí oibre mar aon le CBL.	
2.		
3.		

Iomlán, glan ar CBL € _____

Suimigh CBL @ ____% € _____

Doiciméad Praghsanna arna shíniú ag:

Ainm & sloinne (ceannlitreacha):

Thar ceann:

Seoladh:

Dáta: _____